Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

IR£

# Foirm iarratais chun malartú Nótaí Bainc an Phuint Éireannaigh (lena n-áirítear Nótaí Bainc damáistithe Éireannacha) a iarraidh

**Léigh na treoracha ar leathanach 1 agus déan cinnte go síníonn tú an dearbhú ar leathanach 2 sa chaoi nach gcuirfear aon mhoill ar phróiseáil d'iarratais. Úsáid BLOCLITREACHA gach áit.**

1. **Níor cheart an fhoirm seo a úsáid ach amháin le haghaidh nótaí bainc an phuint Éireannaigh.** Líon isteach an fhaisnéis a iarrtar ar leathanaigh, 3 agus 4 agus déan cinnte go bhfuil an fhoirm bhunaidh faoi iamh. Ní ghlacfar le fótachóipeanna.
2. Déan cinnte go bhfuil na píosaí uile de na nótaí bainc faoi iamh, fiú na píosaí is lú díobh. Ba cheart nótaí bainc atá millte go dona a láimhseáil a laghad is féidir agus a phacáistiú go cúramach chun go seachnófar aon damáiste breise dóibh.
3. Más rud é gur nochtadh na nótaí bainc do cheimiceáin nó d'ábhair ghuaiseacha, ní mór duit teagmháil a dhéanamh le Banc Ceannais na hÉireann sula gcuireann tú an t-iarratas isteach. Ní mór duit sonraí a chur ar fáil maidir le cineál na substainte dár nochtadh na nótaí bainc, mar aon le measúnú sláinte agus sábháilteachta ó údarás ábhartha más dóigh do na nótaí bainc a bheith ina mbagairt ar an tsláinte agus ar an tsábháilteacht.
4. Chun a chinntiú go ndéanfar próiseáil chuí ar an iarratas, ní mór duit **míniú a thabhairt ar fhoinse na nótaí bainc agus doiciméid tacaíochta a chur ar fáil**.
5. Ní mór duit **míniú mionsonraithe a thabhairt freisin ar údar aon damáiste agus fianaise a thabhairt chun tacú leis an míniú sin**, mar aon le míniú i dtaobh cá háit a bhfuil aon **phíosaí atá ar iarraidh** i gcás nach ndéantar ach cuid de nóta bainc a chur ar fáil lena malartú.
6. I gcás ina gcuirfear 50% nó níos lú de nóta bainc ar fáil, ní dhéanfaidh Banc Ceannais na hÉireann an nóta bainc sin a mhalartú ach amháin más féidir fianaise a thabhairt go bhfuil an chuid eile den nóta bainc scriosta.
7. **Cuirfear moill ar phróiseáil d'iarratais mura líonfar an fhoirm i gceart nó mura gcuirfear doiciméid tacaíochta ar fáil.**
8. Maidir le taiscthí a ghlacfar lena malartú, féadfaidh na húdaráis náisiúnta iad a mheasúnú ó thaobh Frithsciúradh Airgid, Ioncaim, agus Coiriúlachta de. B'fhéidir go dtógfaidh sé roinnt ama é sin a dhéanamh. Tá malartuithe faoi rialú ag alt 121 d'Acht an Bhainc Ceannais, 1989. Má chinneann an Banc go bhfuil forais aige diúltú don mhalartú, féadfaidh sé na nótaí bainc a choinneáil siar agus/nó a scriosadh i gcomhréir le hAcht an Bhainc Ceannais, 1989.
9. Ó am go ham, féadfaidh Banc Ceannais na hÉireann taiscthí os cionn tairseach luacha ar leith, arna socrú ag Banc Ceannais na hÉireann, a tharchur chuig údaráis inniúla ábhartha.
10. Ar chúiseanna slándála agus oibríochtula, is trí bhíthin aistriú leictreonach a íocfar taiscthí atá incháilithe lena malartú.
11. Le Rialachán (CE) Uimh. 2866/98 ón gComhairle, socraítear an ráta comhshó go neamh-inchúlghairthe mar €1 = IR£0.787564.
12. Féadfaidh an Banc Ceannais aon sonraí pearsanta a chuireann tú ar fáil a phróiseáil chun a fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh nó a oibríochtaí gnó a éascú. Próiseálfar aon sonraí pearsanta i gcomhréir le ceanglais na reachtaíochta um chosaint sonraí. Is féidir aon cheisteanna maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag an mBanc Ceannais a sheoladh chuig dataprotection@centralbank.ie. Tá cóip d'Fhógra an Bhainc Ceannais maidir le Cosaint Sonraí le fáil ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais www.centralbank.ie

**Má chuireann tú faisnéis mhionsonraithe, doiciméid tacaíochta agus mínithe mionsonraithe ar fáil tráth a bheidh d'iarratas á dhéanamh agat, cuideoidh sé sin le Banc Ceannais na hÉireann d'iarratas a phróiseáil a luaithe is féidir. Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfaidh Banc Ceannais na hÉireann mínithe breise, faisnéis bhreise nó fianaise bhreise a lorg, mar thaca le hiarratas ar mhalartú nótaí bainc Éireannacha, chun a chumasú dó a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh.**

# Cuid 1: Conas d'Iarratas a Dhéanamh chuig Banc Ceannais na hÉireann

Is féidir leat an fhoirm iarratais líonta agus na doiciméid riachtanacha a chur isteach ar an gcaoi seo a leanas:

1) **I bpearsa**, i gCeannoifig Bhanc Ceannais na hÉireann, Cé an Phoirt Thuaidh, Baile Átha Cliath 1,D01 F7X3
   Fad a bheidh srianta rialtais COVID-19 i bhfeidhm, féach ar www.centralbank.ie chun sonraí a fháil maidir le srianta rochtana ar oifig phoiblí an Bhainc Ceannais.
2) **Leis an bpost cláraithe** (laistigh d'Éirinn amháin) chuig: Banc Ceannais na hÉireann, P2, Bosca PO 61, Áth an Ghainimh, Baile Átha Cliath 16. Tabhair faoi deara, le do thoil, go nglacann an seoltóir dliteanas as aon taiscthí poist agus **ní bheidh Banc Ceannais na hÉireann faoi dhliteanas maidir le haon taiscthí a sheolfar leis an bpost.**
3) **I mbrainse de bhanc miondíola. Féadfaidh** go gcuirfidh bainc mhiondíola áirithe d'iarratas ar aghaidh go díreach chuig an mBanc Ceannais thar do cheann. Déan teagmháil le do bhanc áitiúil chun an rogha seo a fhiosrú.

# Cuid 2: Dearbhú

**Cuir tic (✓) sna boscaí seo a leanas chun do thoiliú a dheimhniú agus sínigh an dearbhú thíos:**

☐ Is mise úinéir dleathach na nótaí bainc seo agus tá mé i dteideal iad a thaisceadh lena malartú.
☐ Ní dhearnadh na nótaí bainc a mhilleadh, a shalú nó a dhamáistiú d'aon ghnó.
☐ Ní thagann na nótaí bainc ó ghníomhaíocht neamhdhleathach ar bith.
☐ Tá an fhaisnéis go léir atá curtha ar fáil san fhoirm iarratais seo cruinn.
☐ Tá na doiciméid go léir a theastaíonn don iarratas seo curtha faoi iamh agam.
☐ Tuigim go bhféadfaidh Banc Ceannais na hÉireann sonraí maidir leis an iarratas seo, lena n-áirítear cóipeanna de chomharthaí aitheantais agus faisnéis bhreise a gheofar, a chur ar aghaidh chuig údaráis ábhartha tríú páirtí eile e.g. An Garda Síochána, na Coimisinéirí Ioncaim etc.

| | |
|---|---|
| **Síniú an Iarratasóra:** | |
| **Dáta:** | |

# Cuid 3: Riachtanais Aitheantais

| Sonraí an Iarratasóra | |
|---|---|
| **Ainm Iomlán:** | |
| **Dáta Breithe:** | |
| **Seoladh:** | |
| | |
| **Uimhir Ghutháin:** | |
| **Seoladh Ríomhphoist:** | |

| Sonraí Gnó (más bainteach) | |
|---|---|
| **Ainm an Gnó:** | |
| **Uimhir Chláraithe na Cuideachta:** | |
| **Post an Iarratasóra sa Ghnó:** | |

# Cuid 4: Cuntas Bainc an Iarratasóra

| Cuntas Bainc (a ndéanfar an íocaíocht isteach ann nuair a bheidh an nóta/na nótaí bainc fíoraithe agus deimhnithe)<br>Is gá gur sonraí cuntais bainc an iarratasóra a bheidh i gceist | |
|---|---|
| **Ainm & Brainse Bainc** | |
| **Ainm ar an gCuntas** | |
| **IBAN:** | |
| **BIC:** | |

### Riachtanais maidir le Doiciméid: Aitheantas agus Cuntas Bainc

I gcás éileamh **IR£150** **nó níos mó**, ní mór duit an méid seo a leanas a chur ar fáil:

1) **Cruthúnas a thabhairt ar chuntas bainc an iarratasóra** a ndéanfar na cistí a mhalartú isteach ann (e.g. ráiteas folaithe bainc a bheidh dátaithe laistigh de 3 mhí anuas).
2) **Cóip de dhoiciméad aitheantais** de chuid an iarratasóra ainmnithe (e.g. pas, ceadúnas tiomána etc.)
3) **Cruthúnas ar sheoladh an iarratasóra ainmnithe** (e.g. ráiteas folaithe bainc, bille fóntais, nó comhfhreagras ó ghníomhaireacht stáit a bheidh dátaithe laistigh de 3 mhí ó dháta an iarratais)
4) Má tá iarratas á dhéanamh agat thar ceann duine éigin eile, mionaoiseach san áireamh, ní mór duit **cruthúnas a thabhairt go bhfuil údarás agat an t-iarratas a chur isteach thar ceann an úinéara dhlíthiúil.**

# Cuid 5: Sonraí faoi nótaí bainc Éireannacha atá le malartú agus fhoinse na gcistí/úinéireacht

| Nótaí Bainc le Malartú | |
|---|---|
| Aghaidhluach | Líon na Nótaí Bainc |
| 10 shilling | |
| IR£1 | |
| IR£5 | |
| IR£10 | |
| IR£20 | |
| IR£50 | |
| IR£100 | |
| Total Value: | |

| Foinse na gCistí/ cruthúnas ar úinéireacht |
|---|
| **Tabhair faisnéis mhionsonraithe chun foinse na gcistí a mhíniú agus chun úinéireacht na gcistí atá á dtaisceadh agat lena malartú a chruthú** |

### Riachtanais maidir le Doiciméid: Foinse na gCistí

I gcás éileamh IR£700 **nó níos mó**, ní mór duit an méid seo a leanas a chur ar fáil, sa bhreis ar 1-3 thuas:

1) Sonraí iontaofa neamhspleácha, doiciméid agus/nó faisnéis **mar fhianaise ar fhoinse na gcistí agus/nó mar chruthúnas ar úinéireacht na nótaí bainc**

# Cuid 6: Sonraí faoin Damáiste (más bainteach)

| Údar an Damáiste |
|---|
| **Tabhair míniú mionsonraithe, le do thoil, ar an damáiste don nóta bainc/do na nótaí bainc, lena n- áirítear an dáta ar ar tharla an damáiste agus an áit inar tharla sé, faisnéis maidir leis an gcaoi inar damáistíodh an nóta bainc/na nótaí bainc, agus míniú i dtaobh cén fáth a bhfuil aon phíosaí den nóta bainc/de na nótaí bainc ar iarraidh (más bainteach).** |

### Riachtanais maidir le Doiciméid: Foinse an Damáiste

Cuir aon doiciméid ábhartha ar fáil a thacóidh le míniú a thabhairt ar an damáiste. Má tá níos lú ná 50% de nóta bainc á chur ar fáil agat lena mhalartú, ní mór duit fianaise a thabhairt go bhfuil na píosaí atá ar iarraidh scriosta.